

FILMOFFALY - DEONTAS GEARRSCANNÁIN 2025

Tá áthas ar FilmOffaly, Coimisiún Scannán Uíbh Fhailí, Deontas Gearrscannáin FilmOffaly 2025 a fhógairt. Is é is aidhm don tionscnamh maoinithe seo scannánaíocht chruthaitheach, sheiftiúil a chothú sa chontae. Tá scéalta bunaidh uathúla á lorg ag FilmOffaly, arna scríobh ag scannánóirí nua cumasacha, idir scannánóirí gairmiúla agus tosaitheoirí. An t-aon choinníoll a bhaineann leis an deontas ná go gcaithfear an scannánaíocht a dhéanamh i gContae Uíbh Fhailí. Molann FilmOffaly criú agus gnó áitiúil a úsáid freisin.

Bronnfar aon deontas amháin de luach €12,000 ar an iarrthóir rathúil amháin faoi chomhair chostas an léiriúcháin agus chéad taibhiú dá scannáin críochnaithe.

Beidh ceardlann meantóireachta d'iarratasóirí ar an ngearrliosta chun gur féidir leo a script a fhorbairt.

Tá Film Offaly á chomh-mhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus an Aontas Eorpach trí Chiste an AE um Aistriú Cóir 2021-2027.

FILMOFFALY - DEONTAS GEARRSCANNÁIN 2025

FilmOffaly, Arts Office, Offaly County Council, Aras an Chontae, Charleville Road, Tullamore, Co.Offaly
05793 57400. filmoffaly@offalycoco.ie

Céim a hAon

Spriocdháta: 5 pm Dé Luain an 18 Márta 2025

Seoltar an méid seo a leanas tríd an bpost agus sin amháin (ní ghlacaimid le ríomhphost):

- Aon fhoirm Iarratais amháin ar Dheontas Gearrscannáin FilmOffaly 2025
- Dhá cóip den script agus dhá chóip d'achoimre 500 focal ar an tionscadal scannáin.

TÁBHACHTACH:

- Aon script amháin in aghaidh an údair agus sin amháin
- NÁ CUIRTEAR ainm an údair ná ainm na cuideachta léiriúcháin ar scripteanna, cóirithe ná achoimrí. Ní ghlacfar le Cvanna. Diúltófar do scripteanna má tá ainmneacha orthu.
- Stápláiltear script agus achoimre le chéile, an achoimre ar bharr. (Ná húsáidtear fillteáin, ceangail, clibeanna).
- Ní theastaíonn clár tobsmaointe ach amháin más beochan nó cóiriú atá i gceist.
- Moltar, ach níl sé riachtanach, go mbeadh Foireann Chruthaitheach/Léiritheoir agat atá tiomanta do do thionscadal sula gcuirfidh tú d'iarratas isteach, mar beidh an tiomantas sin riachtanach ag Céim 2 den chomórtas.
- Déanfar measúnú ar scripteanna scannáin le haghaidh gearrscannáin d'aon seánra, stíl, topaic nó dearcadh, agus breithneofar iad ar a dtuillteanas féin maidir le cáilíocht an ábhair.
- Ní mór postmharc Dé hAoine an 14 Márta 2025 nó dáta roimhe sin a bheith ar gach iarratas le bheith incháilithe.
- Iarratasóirí a sheolann iarratais ón Eoraip nó ó áiteanna eile, ba cheart dóibh seachtain bhreise a thabhairt don seachadadh tríd an bpost.
- Ní mór d'ábhair iarratais a bheith i gcruachóip amháin, agus ní ar CD.
- Ní chuirfear ábhair ar ais chugat ach amháin i gcás ina gcuirfidh tú clúdach sách mór agus do sheoladh air isteach leis an iarratas.
- Ná seoltar ábhar bunaidh isteach.
- Ar mhaithe le do chosaint féin, moltar duit d'iarratas a chlárú leis An Post agus cóipcheart a bheith agat ar aon ábhar a chuireann tú isteach.
- Tá fáilte romhat iarratas a chur isteach má d'oibrigh tú ar léiriúcháin eile de chuid FilmOffaly a bhuaigh duaiseanna. Má d'oibrigh tú mar chuid den phríomhfhoireann cruthaitheachta, áfach, (mar scríbhneoir, léiritheoir nó stiúrthóir) ar léiriúchán a bhuaigh, ní bheidh cead agat cur isteach ar an ról céanna go ceann dhá bhliain tar éis léiriú do scannáin.

Seol chuig: FilmOffaly - Deontas Gearrscannáin, An Oifig Ealaíon,

Comhairle Contae Uíbh Fhailí, Bóthar Bhaile an Bhóthair, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí

Rialtas na hÉireann Government of Ireland
Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union
Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre Eastern and Midland Regional Assembly
pobal government supporting communities
Comhairle Chontae Uíbh Fhailí Offaly County Council

Tá Film Offaly á chomh-mhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus an Aontas Eorpach trí Chiste an AE um Aistriú Cóir 2021-2027.

FILMOFFALY - DEONTAS GEARRSCANNÁIN 2025

FilmOffaly, Arts Office, Offaly County Council, Aras an Chontae, Charleville Road, Tullamore, Co.Offaly
05793 57400. filmoffaly@offalycoco.ie

Céim a Dó

Cuirfear ceithre iarratasóir ar an ngearrliosta agus beidh orthu an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Freastal ar Cheardlann Scríbhneoireachta Scripte le scríbhneoirí scripte gairmiúla.

2. Pacáiste Léiriúcháin Iomlán a chur ar fáil ina mbeidh:

- Nótaí a léiríonn an cur chuige beartaithe;
- Fianaise ar úinéireacht ceart (Cóipeanna de gach comhaontú céadrogha agus scríbhneora a rinneadh i ndáil le scéal agus script, más infheidhme don tionscadal);
- Deimhniú i scríbhinn i bhfoirm imréitigh agus ceadanna maidir le toiliú an phríomh-ábhair páirt a ghlacadh sa tionscadal;
- Buiséad (lena n-áirítear léiriú, criú, roghnú aisteoirí, fruiliú trealaimh, eagarthóireacht, taisteal, ceol, etc. agus fianaise ar bhreis maoinithe)
- CVanna na foirne cruthaithí beartaithe (stiúrthóir, léiritheoir, scríbhneoir, eagarthóir, etc.)
- Aisteoirí beartaithe – gearrchuntas ar mhionsonraí
- Amsceideal
- Aon ábhar tacaíochta breise ábhartha

3. Freastal ar agallamh —Is ar mhaithe leis an iarratasóir é go bhfreastalódh an oiread ball foirne agus is féidir ar an agallamh. Murar féidir leis an iarratasóir freastal ar an agallamh, fágfar é/í neamh-incháilithe dul san iomaíocht don deontas. Ní roghnófar ach aon dáta amháin don agallamh.

Rialtas na hÉireann Government of Ireland
Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union
Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre Eastern and Midland Regional Assembly
pobal government supporting communities
Comhairle Chontae Uibh Fhailí Offaly County Council

Tá Film Offaly á chomh-mhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus an Aontas Eorpach trí Chiste an AE um Aistriú Cóir 2021-2027.

FILMOFFALY - DEONTAS GEARRSCANNÁIN 2025

FilmOffaly, Arts Office, Offaly County Council, Aras an Chontae, Charleville Road, Tullamore, Co.Offaly
05793 57400. filmoffaly@offalycoco.ie

Nótaí d'iarratasóirí

Ní mór do gach iarratasóir cloí leis na coinníollacha a leanas maidir lena n-iarratas.

- Ní mór gur leis an iarratasóir iad cearta gach scripte scannáin a chuirtear isteach, ina n-iomláine, agus ní mór dóibh a bheith saor agus glan ó aon leas tríú páirtí nó aon ualach. Ní mór gurb é an duine agus/nó gurb iad na daoine a chuireann an script scannáin isteach údar/údair na scripte scannáin agus úinéir/úinéirí na gceart ar fad a bhaineann léi ina n-iomláine (i.e. maidir leis na scripteanna scannáin ar fad, ní féidir gur díoladh iad roimhe seo, ná gur léiríodh iad, gur tugadh céadrogha ina leith ná gur aistríodh aon cheart ina leith chuig tríú páirtí.)
- Ní mór gur bhunsaothar an iarratasóra iad scripteanna scannáin. Aon saothar díorthach – má tá an script scannáin bunaithe ar shaothar eile in aon mheán – ní mór é a chur isteach le doiciméadacht dhlíthiúil cheart lena gcruthaítear gur leis an té a chuireann an script scannáin isteach iad na cearta bunúsacha nó na cearta díorthacha ina n-iomláine freisin. Má tá an script scannáin bunaithe ar scéal beatha duine éigin eile, go garbh nó go cruinn, ní mór don iarratasóir/do na hiarratasóirí ráiteas a chur isteach lena gcuirtear é sin in iúl, agus é sínithe ag an iarratasóir/na hiarratasóirí, chomh maith le doiciméadacht dhlíthiúil lena ndeimhnítear go bhfuil an ceart ag an iarratasóir/na hiarratasóirí cóiriú den sórt sin a dhéanamh ar an scéal.
- Is chun cuidiú le léiriú gearrscannáin é an deontas seo – is riachtanach é go gcumhdófar na costais ar fad leis an airgeadas a luaitear san iarratas ar an deontas seo, agus go léirítear é sin leis an bhfaisnéis faoi airgeadas a chuirtear isteach. Ní bhreithneofar iarratais a léiríonn easnamh ná iarratais a thugann le tuiscint go mbeidh breis maoinithe de dhíth ón bhfoireann nó go ndéanfaidh an fhoireann iarratas ar bhreis maoinithe. Is amhlaidh an cás lena chinntiú go mbreithneofar gach iarratasóir ar an mbonn airgeadais céanna agus gur féidir an scannán a dhéanamh leis an mbuiséad mar a chuirtear isteach é.
- Ceanglaítear ar iarratasóirí aon fhoinsí eile maoinithe a bhfuil siad ag cur isteach orthu a chur in iúl – ainm na foinse maoinithe agus an méid arna lorg. Eiseofar conradh chuig an iarratasóir a n-éireoidh leis/léi agus tabharfar spriocam dó/di chun an conradh a shíniú agus a sheoladh ar ais.
- Ba cheart go luafaí fad an scannáin sa script scannáin, i.e. 10, 15 nó 20 nóiméad.
- Tuigeann an t-iarratasóir/na hiarratasóirí leis seo nach deimhneach an rud é go roghnófar an t-iarratasóir/na hiarratasóirí ar chur isteach iarratais. Is faoi rogha FILMOFFALY amháin a bheidh sé glacadh le hiarratais agus téarmaí agus rialacháin a leagan síos ,lena n-áirítear cé acu an roghnófar aon iarratasóir nó nach roghnófar nó an ndéanfar aon scannán nó nach ndéanfar.

Rialtas na hÉireann Government of Ireland
Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union
Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre Eastern and Midland Regional Assembly
pobal government supporting communities
Comhairle Chontae Uíbh Fhailí Offaly County Council

Tá Film Offaly á chomh-mhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus an Aontas Eorpach trí Chiste an AE um Aistriú Cóir 2021-2027.

FILMOFFALY - DEONTAS GEARRSCANNÁIN 2025

FilmOffaly, Arts Office, Offaly County Council, Aras an Chontae, Charleville Road, Tullamore, Co.Offaly
05793 57400. filmoffaly@offalycoco.ie

Above: Noreen (2009) Below: Toy Soldiers (2011)

Critéir Mheasúnaithe

Déanfar measúnú ar iarratais i gcomhthéacs iomaíoch de réir na gcritéar seo a leanas:

Cruthaitheacht agus cáilíocht an tionscadail bheartaithe

Réasúnaíocht leis an scannán a lonnú i gContae Uíbh Fhailí (i.e. cén caoi a rachadh sé chun leas an tionscadail an scannán a lonnú in Uíbh Fhailí?)

Aird ar chriú áitiúil a úsáid.

Cuntas teiste na foirne cruthaithí

Cumas inléirithe na foirne an tionscadal a thabhairt chun críche agus a sheachadadh leis an gciste atá ar fáil mar a léirítear ina mbuiséad

Chun tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais a fháil, déantar teagmháil le:

FilmOffaly 057 9357400 filmoffaly@offalycoco.ie nó www.filmoffaly.ie

Is Coimisiún Scannán Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí é FilmOffaly.

Rialtas na hÉireann Government of Ireland
Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union
Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre Eastern and Midland Regional Assembly
pobal government supporting communities
Comhairle Chontae Uíbh Fhailí Offaly County Council

Tá Film Offaly á chomh-mhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus an Aontas Eorpach trí Chiste an AE um Aistriú Cóir 2021-2027.